Conspóid faoi thuirbíní gaoithe

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thuirbíní gaoithe atá beartaithe do Shéipéal na Carraige i gContae Chorcaí. Sula bhféachann tú ar an tuairisc pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cad atá ar eolas agaibh faoi fhuinneamh gaoithe? Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis? Cén fáth go bhfuil an rialtas ag tabhairt tacaíochta do fhorbairt fhuinneamh gaoithe in Éirinn faoi láthair?

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail agus na frásaí seo a aimsiú agus tú ag féachaint uirthi. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

1. more than fifty _____
2. wind turbine _____
3. the community is divided _____
4. old friends and neighbours _____
5. at loggerheads _____
6. within 500 metres _____
7. in the county development plan _____
8. it doesn't bother them at all _____
9. generating (electricity) _____
10. windmills _____
11. Minister for the Environment _____
12. Minister for Natural Resources _____
13. as part of their campaign _____
14. the appropriate restrictions _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cé mhéad tuirbín gaoithe atá ceadaithe do cheantar Shéipéal na Carraige agus cé mhéad atá tógtha go dtí seo?

2. Cé chomh cóngarach a bheidh roinnt de na tuirbíní do thithe cónaithe?

3. Cén fáth go bhfuil roinnt de mhuintir na háite míshásta faoin bhforbairt seo?

4. Cad a deir Jack Roche faoi na daoine atá i bhfábhar na dtuirbíní?

5. Cén sórt feachtais atá beartaithe acu chun cur in aghaidh na forbartha?

Ceist 4 ‘Tá an pobal *scoilte* faoin scéal.’
‘Tá an ceantar an-oiriúnach do thuirbíní gaoithe, rud atá *aitheanta* i bplean forbartha an chontae.’

Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail i gcló iodálach thuas? Pléigh iad leis an duine in aice leat. Mura bhfuil sibh cinnte cabhróidh an teagascóir libh.

Anois críochnaigí na habairtí a leanas ag baint úsáide as na focail idir lúibíní.

1. Ní dheachaigh na scoláirí chun na Seapáine go dtí go raibh teanga na tíre sin _____ acu. (foghlaim)

2. Thuig an léachtóir go raibh an iomarca _____ aige nuair a thosaigh na mic léinn ag titim ina gcodladh. (abair)

3. De bharr an méid imirce a tharla in Éirinn sa 20ú aois, tá muintir na hÉireann anois _____ ar fud na cruinne. (scaip)

4. Nuair a bhí an t-eolas _____ do na Gardaí bhí cead ag gach éinne dul abhaile. (tabhair)

5. Tá an coiste pobail ag iarraidh halla nua a thógáil ach níl aon mhaoiniú _____ acu fós. (faigh)

Ceist 5 ‘Tá pobal na háite seo scoilte ina dhá leath ar *cheist chonspóideach* na muilte gaoithe.’

Cén fáth go bhfuil séimhiú ar an aidiacht ‘conspóideach’ san abairt thuas? Cad a tharlaíonn d’aidiacht a leanann ainmfhocal firinscneach? An féidir leat na hainmfhocail agus na haidiachtaí thíos a cheangal?

1	ceist + conspóideach	ceist chonspóideach
2	lá + gaofar	lá gaofar
3	cailín + beag	
4	bliain + maith	
5	scéal + casta	
6	grúpa + cainteach	
7	fadhb + mór	
8	siúlóid + fada	
9	plean + fadtéarmach	
10	ceol + suaimhneach	
11	seachtain + gnóthach	
12	bean + pósta	

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa: Teastaíonn ó mhuintir Sheipéal na Carraige srianta a chur le forbairt fuinnimh gaoithe in Éirinn. An aontaíonn tú leo? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na gceisteanna seo sula seinntear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Ceist 2

Is féidir na ceisteanna seo a fhreagairt nuair atá an tuairisc á taispeáint.

1. breis is leathchéad
2. tuirbín gaoithe
3. tá an pobal scoilte
4. seanchairde agus comharsana
5. in adharca a chéile
6. i ngiorracht cúig chéad méadar
7. i bplean forbartha an chontae
8. ní chuireann sé isteach nó amach orthu
9. ag ginniúint (leictreachais)
10. muilte gaoithe
11. Aire Comhshaoil
12. Aire Acmhainní Nádúrtha
13. mar chuid dá bhfeachtas
14. na srianta cuí

Ceist 3

1. Tá cead pleanála tugtha le breis is leathchéad tuirbín gaoithe a thógáil ach go dtí seo níl ach aon cheann déag des na tuirbíní gaoithe atá ceadaithe tógtha.

2. Nuair a bheidh na tuirbíní curtha in airde, beidh cuid acu i ngiorracht cúig chéad méadar do thithe cónaithe.

3. Deir siad go gcuireann na tuirbíní isteach go mór ar an teilifís agus ar ghutháin póca agus go mbíonn an-torann uathu chomh maith.

4. Deir sé gurb iad na daoine atá ina bhfábhar ná na daoine go bhfuil airgead le fáil acu as.

5. Teastaíonn uathu srianta a chur le forbairt fuinnimh gaoithe in Éirinn agus tá siad chun bualadh leis an Aire Comhshaoil, Dick Roche, agus leis an Aire Acmhainní Nádúrtha, Noel Dempsey, mar chuid dá bhfeachtas.

Ceist 4

An aidiacht bhriathartha atá i gceist anseo.

1. foghlamtha
2. ráite
3. scaipthe
4. tugtha
5. faighte

Ceist 5

1	ceist + conspóideach	ceist chonspóideach
2	lá + gaofar	lá gaofar
3	cailín + beag	cailín beag
4	bliain + maith	bliain mhaith
5	scéal + casta	scéal casta
6	grúpa + cainteach	grúpa cainteach
7	fadhb + mór	fadhb mhór
8	siúlóid + fada	siúlóid fhada
9	plean + fadtéarmach	plean fadtéarmach
10	ceol + suaimhneach	ceol suaimhneach
11	seachtain + gnóthach	seachtain ghnóthach
12	bean + pósta	bean phósta

Ceist 6

Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Eimear Ní Chonaola

I Séipéal na Carraige i dtuaisceart Chontae Chorcaí tá cead pleanála tugtha le breis is leathchéad tuirbín gaoithe leictreachais a thógáil. Tá an pobal scoilte faoin scéal. Deir an dream atá in aghaidh an phlean go gcuireann na tuirbíní isteach go mór ar an teilifís agus ar ghutháin phóca agus go mbíonn an-torann uathu chomh maith. Tá an scéal ag Grett O'Connor.

Grett O'Connor

Go dtí seo níl ach aon cheann déag de na tuirbíní gaoithe atá ceadaithe do cheantar Shéipéal na Carraige tógtha ach cheana féin tá seanchairde agus comharsana in adharca a chéile dá mbárr. Nuair a bheidh na tuirbíní eile curtha in airde, beidh cuid acu i ngiorracht cúig chéad méadar do thithe cónaithe, rud atá ag déanamh buartha do a lán daoine sa cheantar seo.

Jack Roche

Tá an fhuaim[1] go hard, i bhfad ró…agus tá sé go han-ard ar fad anseo i Séipéal na Carraige. Tá gleo leis an nguthán póca[2]. Tá trioblóid le teilifís, Teilifís Éireann…em…Teilifís a haon, a dó, Teilifís a trí agus TG4. Agus gach áit ina bhfuil siad tá trioblóid agus na…is iad na daoine atá ina bhfábhar[3] ná na daoine go bhfuil airgead le fáil acu as.

Grett O'Connor

Tá tuirbíní le tógáil i mbliana ar thalamh de chuid Dennis Cremins. Deir seisean go bhfuil an ceantar seo an-oiriúnach dóibh, rud atá aitheanta i bplean forbartha an chontae. Deir sé go bhfuil a lán daoine ina gcónaí laistigh de chúpla míle ós na tuirbíní agus ní chuireann siad isteach nó amach orthu. Ach ní hamhlaidh atá an scéal ag Síle Coughlan nach bhfaigheann ach drochphictiúr ar a teilifís ó thosaigh na tuirbíní ag ginniúint. Ní féidir brath ar an gcóras gutháin póca ach oiread. Tá pobal na háite seo scoilte ina dhá leath ar cheist chonspóideach na muilte gaoithe ach tá sé i gceist ag an dream atá ina gcoinne dul níos faide leis. Tá siad chun bualadh leis an Aire Comhshaoil, Dick Roche, agus leis an Aire Acmhainní Nádúrtha, Noel Dempsey, mar chuid dá bhfeachtas chun na srianta cuí dar leo a chur le forbairt fuinnimh gaoithe sa tír seo.

Grett O'Connor, Nuacht TG4, Séipéal na Carraige, Co. Chorcaí

[1] a*n fuaim* a deirtear sa mhír
[2] *leis an guthán phóca* a deirtear sa mhír
[3] *i bhfabhar iad* a deirtear sa mhír